Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 16 Samhain 2023**
**(OR. en)**

**15518/23**

**DENLEG 55**
**FOOD 85**
**SAN 669**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | An Coimisiún Eorpach |
| dáta a fuarthas: | 13 Samhain 2023 |
| chuig: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | D(2023) 92050/2 |
| Ábhar: | RIALACHÁN (AE) .../... ÓN gCOIMISIÚN<br>an XXX<br>lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 2023/915 a mhéid a bhaineann le huasleibhéil tocsainí L-2 agus HT-2 i mbia |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad D(2023) 92050/2.

---

Faoi iamh: D(2023) 92050/2

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, XXX
PLAN/2017/1196 Rev1
(POOL/E2/2017/1196/1196-R1-EN.docx
D092050/02
[…](2023) XXX draft

**RIALACHÁN (AE) .../... ÓN gCOIMISIÚN**

**an XXX**

**lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 2023/915 a mhéid a bhaineann le huasleibhéil tocsainí L-2 agus HT-2 i mbia**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

**RIALACHÁN (AE) .../... ÓN gCOIMISIÚN**

**an XXX**

**lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 2023/915 a mhéid a bhaineann le huasleibhéil tocsainí L-2 agus HT-2 i mbia**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CEE) Uimh. 315/93 ón gComhairle an 8 Feabhra 1993 lena leagtar síos nósanna imeachta Comhphobail maidir le héilleáin i mbia[1], agus go háirithe Airteagal 2(3) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Rialachán (CE) Uimh. 2023/915[2] ón gCoimisiún leagtar síos uasleibhéil le haghaidh éilleáin áirithe i mbia.

(2) Míceatocsainí is ea iad tocsainí T-2 agus HT-2 arna dtáirgeadh ag speicis éagsúla *Fusarium.* Meitibilítear an tocsain T-2 chuig líon mór táirgí go tapa, agus príomhmheitibilít is ea an tocsain HT-2.

(3) In 2018 ghlac an tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia ("an tÚdarás") tuairim eolaíoch maidir leis na rioscaí a d'fhéadfadh a bheith i gceist do shláinte ainmhithe agus do shláinte an phobail de bharr láithreacht tocsainí T-2 agus HT-2 i mbeatha agus i mbia.[3]. Bhunaigh an tÚdarás grúpiontógáil laethúil infhulaingthe (TDI) ina bhfuil 0,1 µg/kg de mheáchan coirp (bw) do shuim thocsainí T-2 agus HT-2. Tugtar le fios le meastacháin maidir le teagmháil cothúcháin ainsealach an duine le suim tocsainí T-2 agus HT-2, meastacháin atá bunaithe ar na sonraí tarluithe atá ar fáil, go raibh daoine i ngach aoisghrúpa faoin TDI grúpa, agus dá bhrí sin níorbh ábhar imní láithreach iad ó thaobh na sláinte de.

(4) Agus conclúidí thuairim eolaíochta 2011 á gcur san áireamh, glacadh Moladh 2013/165/AE ón gCoimisiún[4] chun tuilleadh sonraí a bhailiú maidir le tocsainí T-2 agus HT-2 i ngránaigh agus i dtáirgí gránach, chun tuiscint níos fearr a fháil ar an athrú sa mhinicíocht ó bhliain go bliain agus chun tuilleadh faisnéise a bhailiú maidir le tionchar na próiseála bia (e.g. cócaireacht) agus tosca agranamaíocha ar láithreacht thocsainí T-2 agus HT-2.

---

1 IO L 37, 13.2.1993, lch. 1.

2 Rialachán (AE) 2023/915 ón gCoimisiún an 25 Aibreán 2023 maidir le huasleibhéil le haghaidh éilleáin áirithe i mbia agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1881/2006 (IO L 119, 5.5.2023, lch. 103).

3 *Scientific opinion on the risks for animal and public health related to the presence of T-2 and HT-2 toxin in food and feed.* [Tuairim eolaíoch maidir leis na rioscaí a d'fhéadfadh a bheith i gceist do shláinte ainmhithe agus don phobal de bharr láithreacht tocsainí T-2 agus HT-2 i mbeatha agus i mbia.] *EFSA Journal* [Iris EPSA] 2011;9(12):2481, https://doi.org/10.2903/j.efsa.2011.2481.

4 Moladh 2013/165/AE ón gCoimisiún an 27 Márta 2013 maidir le láithreacht thocsain T-2 agus HT-2 i ngránaigh agus i dtáirgí gránach (IO L 91, 3.4.2013, lch. 12).

(5) In 2017, ghlac an tÚdarás tuairim eolaíoch maidir lena iomchuí a bhí sé luach treoraíochta grúpa sláintebhunaithe a shocrú do thocsainí T-2 agus HT-2 agus a bhfoirmeacha modhnaithe[5]. Socraíodh géardháileog thagartha ghrúpa (ARfD) arb é atá inti 0,3 µg/kg de mheáchan coirp do shuim thocsainí T-2 agus HT-2 agus a bhfoirmeacha modhnaithe. Ina theannta sin, socraíodh TDI-grúpa do shuim thocsainí T-2 agus HT-2 agus a bhfoirmeacha modhnaithe arb é atá ann 0,02 µg/kg de mheáchan coirp , a tháinig in ionad an TDI-grúpa a bhí ann roimhe sin (0,1 µg/kg de mheáchan coirp).

(6) Ina theannta sin, d'fhoilsigh an tÚdarás tuarascáil eolaíoch in 2017 maidir le teagmháil chothúcháin daoine agus ainmhithe le tocsainí T-2 agus HT-2[6]. Níor tugadh le fios sa mheastachán ar an ngéartheagmháil cothúcháin go raibh an ARfD grúpa arna bhunú ag an Údarás á shárú. I gcásanna áirithe a bhain le teagmháil chothúcháin ainsealach bia, bhí sárú beag ann i gcás naíonán, lapadán agus leanaí eile, áfach, agus ag leibhéil arda teagmhála i measc déagóirí, rud a léiríonn go bhfuil imní féideartha ann don tsláinte.

(7) Ar an mbonn sin, chun leibhéal ard cosanta sláinte poiblí a áirithiú, tá sé iomchuí uasleibhéil a bhunú maidir le láithreacht thocsainí T-2 agus HT-2 i mbia, agus na sonraí tarluithe is déanaí á gcur san áireamh. Ní bhaineann na huasleibhéil reatha ach le suim fhoirmeacha modhnaithe thocsainí T-2 agus HT-2, áfach, toisc nach bhfuil ach sonraí tarluithe an-srianta ar fáil, agus toisc nach bhfuil aon ghnáthmhodh anailíse ar fáil chun anailís a dhéanamh orthu.

(8) Chun a áirithiú go gcuirfear dea-chleachtais talmhaíochta i bhfeidhm chun láithreacht thocsainí T-2 agus HT-2 a laghdú i ngránaigh, tá sé tábhachtach uasleibhéal a leagan síos do ghránaigh neamhphróiseáilte. Ós rud é go gcuirtear coirce neamhphróiseáilte ar an margadh agus an crotal air roimh an muilleáil, nó sula gcuirtear le táirgí gránaigh é lena gcur ar an margadh don tomhaltóir deiridh, ba cheart na huasleibhéil do thocsainí T-2 agus HT-2 i ngráinní coirce neamhphróiseáilte a chur i bhfeidhm maidir le gráinní coirce neamhphróiseáilte a bhfuil an crotal orthu, fiú amháin mura bhfuil an crotal inite.

(9) Ós rud é go bhfuil na rátaí tarluithe thocsainí T-2 agus HT-2 is airde ann i ngráinní coirce, tá sé tábhachtach go ndéanfar iarrachtaí breise láithreacht thocsainí T-2 agus HT-2 i ngráinní coirce a laghdú a thuilleadh agus go gcuirfear an Coimisiún ar an eolas maidir leis an dul chun cinn a dhéantar agus maidir leis na sonraí tarluithe nua, d'fhonn uasleibhéil thocsainí T-2 agus HT-2 a laghdú a thuilleadh i ngráinní coirce agus táirgí grán coirce sa todhchaí.

(10) Dá bhrí sin, ba cheart Rialachán (AE) 2023/194 a leasú dá réir.

(11) Is iomchuí foráil a dhéanamh maidir le hidirthréimhse do bhia a cuireadh ar an margadh go dleathach roimh dháta chur i bhfeidhm an Rialacháin seo agus é á chur san áireamh go bhfuil seilfré fhada ag bianna áirithe a chumhdaítear leis an Rialachán seo.

---

5 Tuairim eolaíoch maidir lena iomchuí atá sé luach treoraíochta grúpa sláintebhunaithe a shocrú do thocsain T2 agus HT2 agus a fhoirmeacha modhnaithe. EFSA Journal [Iris EFSA], 2017;15(1):4655, https://doi.org/10.2903/j.efsa.2017.4655.

6 Tuarascáil eolaíoch maidir le teagmháil chothúcháin daoine agus ainmhithe le tocsain T-2 agus HT-2 *EFSA Journal* [Iris EFSA], 2017;15(8):4972, https://doi.org/10.2903/j.efsa.2017.4972.

(12) Chun é a chur ar a gcumas d'oibreoirí eacnamaíocha ullmhú do na rialacha nua arna dtabhairt isteach leis an Rialachán seo, is iomchuí foráil a dhéanamh maidir le tréimhse réasúnach go dtí go mbeidh na huasleibhéil nua i bhfeidhm.

(13) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón mBuanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leasaítear Rialachán (AE) 2023/915 mar a leanas:

(1) In Airteagal 8, cuirtear an mhír seo a leanas leis:

‘5. Faoin 1 Eanáir 2028, cuirfidh na Ballstáit agus na páirtithe leasmhara in iúl don Choimisiún torthaí na n-imscrúduithe a rinneadh agus an dul chun cinn a rinneadh maidir le bearta coisctheacha a chur i bhfeidhm chun éilliú ó thocsainí T-2 agus HT-2 a sheachaint i ngráinní coirce agus i dtáirgí grán coirce.

Cuirfidh na Ballstáit agus na páirtithe leasmhara tuarascálacha faoi bhráid an Údaráis ar bhonn rialta maidir leis na sonraí tarluithe a bhaineann le tocsainí T-2 agus HT-2 i ngráinní coirce agus i dtáirgí grán coirce.

(2) Leasaítear Iarscríbhinn I i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

*Airteagal 2*

Bia a liostaítear san Iarscríbhinn a chuirtear ar an margadh go dleathach roimh an 1 Iúil 2024, féadfaidh sé fanacht ar an margadh go dtí an dáta íosmharthanachta nó an dáta deiridh úsáide.

*Airteagal 3*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ón 1 Iúil 2024.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann an Choimisiúin*
*An tUachtarán*
Ursula VON DER LEYEN